2026/2304

19.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2304 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Deireadh Fómhair 2026

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar i dtaca le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta faoi seach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 103 agus 352, i gcomhar le h Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v), agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/2376 ón gComhairle [2] , síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar i dtaca le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta faoi seach ('an Comhaontú') an 25 Feabhra 2026, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú creat a chur chun cinn agus a sholáthar le haghaidh an chomhair agus an chomhordaithe atá ann cheana in ábhair iomaíochta idir údaráis iomaíochta an Aontais agus a Bhallstát, de pháirt, agus údaráis iomaíochta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart na hÉireann ('an Ríocht Aontaithe'), den pháirt eile, d'fhonn dlíthe iomaíochta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí. Cé go n-oibríonn údaráis iomaíochta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i gcomhar ar bhonn Airteagal 361(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile [3], an 30 Nollaig 2020 ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), luaitear in Airteagal 361(4) go bhféadfaidh na páirtithe comhaontú ar leith a dhéanamh maidir le comhar agus comhordú in ábhair iomaíochta. Mar sin, is comhaontú forlíontach de réir bhrí Airteagal 2 ar an gComhaontú Trádála agus Comhair é an Comhaontú.

(3) D'aithin an Coimisiún trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún [4] go n-áirithíonn an Ríocht Aontaithe leibhéal leordhóthanach cosanta do shonraí pearsanta a aistrítear faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [5] ón Aontas chuig an Ríocht Aontaithe.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

---

[1] Toiliú an 16 Meán Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2025/2376 an 4 Samhain 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar i dtaca le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta faoi seach (IO L, 2025/2376, 24.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2376/oj).

[3] Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1772 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta ag an Ríocht Aontaithe (IO L 360, 11.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1772/oj).

[5] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug sé a thuairim uaidh an 15 Iúil 2025 ,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhar i dtaca le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta faoi seach a fhormheas thar ceann an Aontais ([7]) .

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([8]).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([7]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/2305, 19.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/2305/oj.

([8]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.